Treoir i leith dea-chleactas i gCúram Lae Teaghlaigh d'Árdchaighdeán

Treoir do Chúramóirí Leanaí

Clár :

1. Sainmhínithe 1
2. Ról an Cúramóra Leanaí 1
3. Tascanna a bhaineann le Cúram Leanaí 1
4. Freagrachtaí 2
5. Oiriúnacht an Duine 3
6. Moltaí 4
7. Oiriúnacht Suímh 4
8. Disciplín 10
9. Treoir Ghinéarálta do Chúramóirí 10
10. Dáileadh Leighis 11
11. Córais Tacaíochta agus Eagraíochtaí do Pháistí agus Teaghlaigh 11
12. Bás Cliabháin 12
13. Táscaírí d'Árdchaighdeán i gCúram Leanaí Teaghlaigh-bhunaithe 14

1. Sainmhíniú

Cuireann Cúramóirí Baile cúram lae lánaimseartha nó páirtaimseartha ar fáil ina mbailte do suas le seisear páistí de gach aois, páistí an Chúramóra féin faoi sé bliana d'aois san áireamh. Baineann na Rialacháin um Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile 1996) le Cúramóirí atá ag tabhairt aire do cheathrar páistí nó níos mó faoi sé bliana d'aois nach bhfuil gaolta lena chéile.

2. Ról an Chúramóra Leanaí

Is é ról an Chúramóra Leanaí ná timpeallacht bhaile chompórdach ghrámhar a chur ar fáil do na leanaí. Déantar freastal ar riachtanais fhisiciúla, mhothúchána, na forbartha, oideachasúla agus chaitheamh aimsire trí ghrá, socracht, bia, am, cion, aird, turasanna lasmuigh, rialtacht, spreagadh agus cosaint a sholáthar do na páistí; trína bheith rannpháirteach i spraoi leo agus trí ábhair chuí agus bréagáin a chur ar fáil le haghaidh spraoi agus foghlama.

Tá dea-chaidreamh pearsanta agus oscailte le tuismitheoirí lárnach don ról.

3. Tascanna a bhaineann le Cúram Leanaí

1. Féinfhostaíocht
2. Seirbhís phroifisiúnta do thuismitheoirí
3. Aire do pháistí
4. Cúram díot féin agus ded' theaghlach
5. Bainistiú páistí, am, airgid, baile
6. Oiliúint pháistí
7. Féinoiliúint
8. Eagrú, pleanáil agus athbhreithniú
9. Idirghabháil le páistí agus le tuismitheoirí
10. Cumarsáid agus comhoibriú le teaghlach an Chúramóir Leanaí féin, le tuismitheoirí, cuairteoirí oifigiúla, líonraí Cúramóirí leanaí agus an pobal níos leithne.
11. Taifead a choimeád ar pháistí, tinreamh, ioncam agus caiteachas.

4. Freagrachtaí

Tagann na freagrachtaí seo a leanas le hobair Chúram Leanaí, go háirithe comhlíonadh rialachán oifigiúla agus treoracha.

- Is duine féinfhostaithe é/í an Cúramóir Leanaí, le Dualgais Chúraim do na páistí a bhfuil sé/sí freagrach go huile is go hiomlán astu a fhad is atá siad faoina cúram. Tá sé riachtanach fógra a thabhairt do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte áitiúil má tá sé/sí ag déanamh cúraim nó chun cúram a dhéanamh de cheathrar nó níos mó páistí faoi sé bliana d'aois nach bhfuil gaolmhar lena chéile.
- Caithfidh an Cúramóir Leanaí agus baill dá teaghlaigh a bheith oiriúnach ó thaobh sláinte de agus nach bhfuil siad ciontaithe in aon choir bainteach le leanbh nó úsáid substaintí mídhleathacha.
- Caithfear an fíor-theorainn, áit a aistrítear freagracht ó thuismitheoir go Cúramóir Leanaí agus arais, a aithint agus a dhearbhú go n-aithníonn tuismitheoirí, na páistí agus Cúramóirí an teorainn seo. Tá sé seo tábhachtach mar ag am bailithe bíonn go leor páistí ag lorg airde agus d'fhéadfadh seo a bheith baolach. Glacann an Cúramóir Leanaí freagracht agus údarás laistigh den teorainn sin agus glacann an tuismitheoir freagracht lasmuigh de.
- Caithfidh an Cúramóir Leanaí :
    a) taithí/oiliúint chuí a bheith aige/aici chun cúram leanaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil
    b) polasaithe scríofa a bheith ar fáil maidir le leas agus cosaint leanaí, bainisteoireacht iompair agus meas ar éagsúlacht
    c) ardchaighdeán sábháilteachta agus sláinteachais a dheimhniú, timpeallacht ina bhfuil cosc ar chaitheamh san áireamh.
    d) ábhair spraoi agus foghlama cuí a chur ar fáil

e) árachais a bheith aige/aici chun leas an pháiste i gcás timpiste nó gortaithe agus chun iad féin a shéanú
f) próisis agus socruithe tacaíochta a dheimhniú i gcás tinnis, tine, timpiste nó aon éigeandáil eile
g) taifid a choimeád ar gach páiste faoi chúram ina bhfuil uimhir fóin agus seoltaí tuismitheoirí, gaolta agus dochtúra; sonraí insteallaithe, aon riachtanais speisialta bhia nó eile; tinreamh agus údarú bailithe
h) conradh a bheith acu le tuismitheoirí ionas nach gcuirfear isteach ar chaighdeán an chaidrimh idir Chúramóir Leanaí, Tuismitheoirí agus Páistí trí mhíthuiscintí faoi chúrsaí airgid
i) cumarsáid dlúth a bheith aige/aici le tuismitheoirí maidir le sástacht, forbairt agus leas na bpáistí

5. Oirúnacht an Duine

Caithfidh gur duine é/í an Cúramóir Leanaí a bhfuil fíorchion aige/aici ar pháistí agus a bhfuil taithí aige/aici ina gcúram agus ina bhforbairt. Caithfidh an duine a bheith sláintiúil go ginéarálta, diongbháilte agus ionraic, aibí go leor tabhairt faoin obair, feasach ar an nDualgas Cúram agus ar na freagrachtaí a ghlacann an duine féinfhostaithe gairmiúil ag obair ina n-aonar.

Caithfidh an Cúramóir Leanaí a bheith saor ó choir ar bith a bhainfeadh lena p(h)áistí féin, nó le páistí ar bith eile nó le h-aon substaint mhídhleathach.

Is gá go mbeadh tuiscint ag an gCúramóir Leanaí ar chearta agus ar riachtanais leanaí agus go dtabharfaí aitheantas agus urraim dá dtréithe indibhidiúla is cuma cén inscne, cúlra eithneach, creideamh nó aicme sóisialta atá acu. Caithfidh sé/sí a bheith báúil do mhianta an tuismitheora agus an tuismitheoireacht a roinnt ar bhealach oscailte neamhbhreithiúnach.

Caithfidh sé/sí tábhacht a ról féin mar eiseamláir do na páistí a thuiscint agus ardchaighdeáin ionraicis agus féinsmacht a léiriú.

Caithfidh an Cúramóir leanaí a thuiscint gur thréimhse mhór fhoghlama é an tréimhse luathóige agus mar sin gur oideachasóir chomh maith le cúramóir é/í. Is fuinneog é/í trína bhfaigheann an páiste léargas ar an domhan agus ba chóir forbairt phearsanta a fheiceáil sa chomhthéacs sin.

Ba chóir go mbeadh eolas maith ag an gCúramóir Leanaí ar riachtanais bhia an linbh agus ar shláinteachas in ullmhú agus i stóráil bia.

6. Moltaí

Moltar do Chúramóirí Leanaí

- oiliúnt a fháil i gcúram, forbairt agus iompar leanaí; i soláthar saghasanna éagsúla spraoi, ábhar spraoi oideachasúil, ceol, ealaín agus dramaíocht.
- Teastas garchabhrach bailí a bheith acu.
- tuiscint a bheith acu ar shealbhú teanga
- a bheith eolach ar chleachtadh agus ar cheisteanna reatha chúram leanaí d'ardchaighdeán
- iad féin a fhorbairt trí chaitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí le daoine fásta
- a bheith eolach ar an tacaíocht ghairmiúil atá ar fáil ó Oifigigh Chomhairle Chúramóirí Leanaí, ó phearsanra oifigiúla eile, agus go háirithe trí bhallraíocht le Cúram Leanaí na hÉireann.

7.Oiriúnacht an Suímh

I mbaile an Chúramóra Leanaí, beidh :

- teileafóin
- aláram deataigh ar fud an tí ar fad is cuma é a bheith ar fáil nó gan a bheith a fáil do leanaí
- na dlíthe agus na fodhlíthe pleanála á gcomhlíonadh

- baile glan, aeraithe agus é cóirithe do chompord agus shábháilteacht leanaí
- doirse druidthe go daingean ionas nach féidir le páistí dul amach nó nach féidir le daoine neamhúdaraithe teacht isteach
- eochracha bainte as na doirse laistigh
- teas sábháilte seachas tinte oscailte, teitheoirí so-iompraithe nó le lasair oscailte, nó córais téite gur féidir leo gáis díobhlácha, toiteanna nó bolaithe a chur amach.
- dromchlaí te faoi smacht nó cosanta ag garda cosanta nó a bheidh smacht teirmeastataigh orthu chun a chinntiú nach dtéann teocht na ndromchlaí thar 50°C.
- dóthain spáis spraoi agus spás codlata ar leith do líon na bpáistí, páistí an Chúramóra Leanaí san áireamh.
- gloine shábháilte nó clúdach cosanta oiriúnach agus glais ar fhuinneoga ísle agus ar dhoirse gloine agus glais ar fhuinneoga thuas staighre ag cur sábháilteacht tine san áireamh
- glais pháiste dhíonach ar dhoirse agus ar chófraí chun rochtain mhí-oiriúnach pháistí a chosc.
- geata páiste dhíonach ar an staighre
- clúdach nach bhfuil caite nó loite ar an urlár agus éasca le glanadh.
- urláir le snas nó rugaí nó mataí á seachaint
- clúdaigh pháiste dhíonach ar soicéid leictreacha agus suiteáil nó trealamh leictreachais dea-chóirithe sábháilte ; cáblaí insínte nó féilire leictreacha á seachaint
- troscán gan fhaobhair ghéara nach bhfuil caite nó dochar déanta dó

An Chistin

De dhroim riachtanais, tá fáil ar an gcistin ag páistí i suíomh cúram lae baile, ach ní chóir go mbeadh sí in úsáid mar sheomra spraoi i rith am cócaireachta. Ba

chóir aird ar leith a thabhairt ar ghlaineacht agus ba chóir aon fhliuchras ar an úrlár a ghlanadh suas láithreach mar chosc ar thimpistí.

Ba chóir go mbeadh an chistin cóirithe le:

- sorn/cócaire, cóirithe le ráille cosanta pota, cuisneoir mór go leor agus eagraithe chun go mbeidh bia cócaireáilte agus bia amh scartha óna chéile
- sóláthar leanúnach uisce reatha te agus fuar
- blaincéid tine agus múchtóir tine
- dóthain soicéad leictreacha
- áit ar leith leagtha amach le haghaidh ullmhú beatha buidéil agus próiséas aimridithe
- ábhar agus trealamh glantacháin agus gléasanna beaga leictreacha faoi ghlas as fad láimhe páistí óga
- spás úrláir saor agus áit stórála ar fáil le haghaidh scuabanna, bord iarnála, níocháin srl.
- bosca garchabhrach cuí, marcáilte go soiléir agus as fad láimhe páistí

Áit Chodlata

- Caithfear cóir codlata cuí a shóláthar do gach páiste faoi sé bliana d'aois i gcúram lae iomlán i.e. le haghaidh níos mó ná 3.5 uair in aon lá. Níl bugaithe nó málaí pónairí oiriúnach mar áiteanna rialta codlata
- Ba chóir éadaí leapa, blaincéidí (agus piliúir do pháistí níos sine) a bheith glan agus aeraithe i gceart agus athraithe go rialta, nó de réir mar is gá ; a chuid féin ag gach páiste
- Ba chóir go mbeadh cliabháin éasca le glanadh agus de dhéanamh sábháilte
- Ní chóir blaincéid leictreacha nó buidéil uisce te a úsáid riamh
- Ní chóir piliúir, duvet nó cluímh lachan a úsáid le pháistí faoi dhá bhliain d'aois

- Ba chóir an teas sa seomra codlata a choimeád ag 18°C (céim ceinteagrádach)
- Ba chóir páistí atá ina gcodladh a sheiceáil go rialta gach 10 nóiméad fiú nuair atá callaire fuaime linbh in úsáid

Seomra Folctha

- Ba chóir ardchaighdeán sláinteachais a choimeád trí dhian-ghlanadh rialta a dhéanamh ar fhearais an tseomra folctha, úrláir srl.
- Ní chóir fearas maisiúcháin an teaghlaigh, rásúir, smidiú, snas ingne, aerosol, leighis srl. a fhágáil sa seomra folctha nó sa leithreas a úsáideann páistí.
- Ba chóir gallúnach frithbaictéireach agus tuáillí aon uaire a úsáid.
- Ba chóir go mbeadh tuáille éadain agus scuab fiacla pearsanta ag gach páiste.
- Ba chóir go mbeadh a phota beag féin ag gach páiste a úsáideann pota agus ba chóir an pota a ghlanadh agus a dhíghalrú gach uair a úsáidtear é.
- Ba chóir céim-suas don leithreas agus clúdach leithris do pháiste a úsáid de réir mar is cuí.
- Ba chóir freastal cuí a dhéanamh ar pháistí agus iad ag úsáid an tseomra folctha.

Áit Athrú Clúidíní

Ba chóir áit oiriúnach a leagan amach go speisialta chun clúidíní a athrú le soitheach slán le haghaidh clúidíní salacha, sóláthar uisce te agus fuar, níochán láimhe frithbhaictéarach agus tuáillí aon uaire in aice láimhe.

Gáirdín

- Mura bhfuil gáirdín nó áit lasmuigh ar fáil, ba chóir páistí a thógáil go rialta go páirceanna poiblí agus áiteanna spraoi.

- Ba chóir maoirseacht a dhéanamh ar spraoi sa gháirdín i gcónaí agus ba chóir go mbeadh an gáirdín slán sábháilte le cosc ar dhaoine gan údarás acu teacht isteach, nó deis imeachta ag na páistí.
- Ag glacadh le cumas páiste chun dreapadh, ní chóir aon ní a fhágáil cois falla.
- Bíodh línte éadaí go maith os cionn fad láimhe na bpáistí agus rópaí ar liobarna, cáblaí agus sreangáin as an tslí.
- Sa chás go bhfuil gairdín mór ann, nó ar fheirm, ba chóir áit teoranta a dhéanamh slán ionas gur féidir maoirseacht a dhéanamh go praiticiúil ar pháistí.
- Ba chóir go mbeadh trealamh spraoi sa ghairdín cosúil le luascáin, maidí corracha srl. de dhéanamh an-daingean gan aon imill ghéara agus iad suite i gconcréid daingean.
- Is gá uirlisí gairdín, dréimirí, lomairí, peitreal agus ceimicí gairdín a choimeád i stóras faoi ghlas.
- Is gá deis chosanta a chur timpeall ar thithe gloine, frámaí fuara, linnte ornáideacha , linnte snámha, bairillí uisce nó aon phriacail eile dá leithéid.
- Is gá aon phlandaí, crainn nó sceacha tocsaineacha a aithint agus a thógaint as an gáirdín.

Peataí

- Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi aon pheataí i dteach an Chúramóra Leanaí.
- Ní chóir páistí agus ainmhithe a fhágáil le chéile gan mhaoirseoir.
- Bí aireach nach salaíonn peataí féar nó áit súgartha lasmuigh. Clúdaigh an poll gainimh nuair nach mbíonn sé in úsáid.

Bréagáin agus Caitheamh Aimsire

- Ba chóir trealamh spraoi a bheith ar dhéanamh diongbháilte d’ard - chaighdeán, réimse leathan de ar fáil agus é oiriúnach d’aois na bpáistí. Caith amach é nuair atá sé briste agus glan go rialta é.

- Ba chóir aird a thabhairt ar riachtanais pháistí níos sine a bheith páirteach i bhfíorghníomhaíochtaí mar rudaí a dhéanamh, rudaí a dheisiú, fíor-uirlisí a úsáid, plandaí a chur agus cabhrú faoi stiúir le tascanna cuí an tí agus an ghairdín.
- Ba chóir go mbeadh fuílleach leabhar ar fáil, oiriúnach do na haois ghrúpaí go léir agus go n-úsáidfí an leabharlann áitiúil nuair is cuí. Cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le léamh do pháistí.
- Ba chóir go mbeadh uirlisí ceoil ar fáil.
- Ba chóir troscán cuí, spás agus solas a bheith ar fáil do pháistí chun obair bhaile a dhéanamh.
- Is féidir teilifís, físeáin agus ríomhairí a úsáid mar chuid den spraoi agus de na gníomhaíochtaí ach ní mar mhalairt ar idirghníomhaíocht leis an gCúramóir leanaí. Ba chóir mianta an tuismitheora a lorg agus meas a léiriú orthu.
- Ba chóir fáil ar an idirlín a bheith faoi stiúir i gcónaí.
- Ba chóir don Chúramóir Leanaí a bheith ar an eolas faoi leabhair, irisí nó físeáin sa teach nach bhfuil oiriúnach do leanaí agus a dheimhniú nach bhfuil fáil orthu ag na páistí.
- Caithfidh an Cúramóir Leanaí a chinntiú go bhfuil meas ag na páistí ar rudaí a bhaineann le daoine eile sa teach.

An Carr

Ní chóir riamh leanaí a fhágáil leo féin sa charr, fiú do thréimhse ghearr, mar tá sé dainséarach, le torthaí tubaisteacha go minic.

- Ba chóir clúdach árachais a bheith oiriúnach do lion na bpáistí faoi chúram
- Tá clúdach ar leith ag teastáil nuair atá tiomáint pháistí mar chuid den chonradh
- Ba chóir an carr a bheith dea-chóirithe don bhóthar, de réir rialachán reachtúla do fheithiclí bóthair; seirbhís déanta air go rialta agus é feistithe le criosanna sábháilte nó suíocháin oiriúnacha do gach paisinéir

Is gá a dheimhniú go bhfuil suíocháin an chairr feistithe i gceart agus go n-úsáidtear suíocháin treisithe oiriúnach dá n-aois i gcomhar le criosanna sábháilte le haghaidh páistí níos óige.

- Ba chóir an carr a fheistiú le glais páiste-dhíonacha
- Coinnigh eochracha an chairr slán sábháilte ó fhad láimhe na bpáistí.

Turasanna

- Ba chóir go mbeadh réimse aoise na bpáistí faoi chúram lae teaghlaigh oiriúnach ionas gur féidir dul ar thurasanna ag am éigin ar a laghad i rith an lae.
- Ba chóir clúdach árachais do thurasanna a bheith ann.
- Caithfear breithiúnas a dhéanamh maidir le líon na bpáistí gur féidir a thabhairt amach le chéile, ag brath ar a n-aois agus ar a gcéim forbatha.
- Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar shábháilteacht na bpáistí
  - Sa trácht
  - In aice le huisce – tag. Treoirlínte Sábháilteacht Uisce
  - Ar thalamh géar nó sleamhain
  - I gcás caidrimh chontráilte ó strainséirí

8. Smacht

- Ghlac Cúram Baile Leanaí in Éirinn le Polasaí i gcoinne ‘buille boise’ sa bhliain 1989 agus molann siad nár chóir béicíl ar pháistí, eagla a chur orthu, iad a náiriú nó bagairt a dhéanamh orthu.
- Foghlamaíonn páistí féinsmacht go príomha nuair a dhéantar freastal tapa ar a gcuid riachtanais, nuair a thugann siad féinsmacht agus seasmhacht faoi deara sna daoine a dhéanann cúram díobh agus thar gach rud eile nuair a léirítear grá, meas agus ómós dóibh.
- Ba chóir am a chur ar leataobh le haghaidh cumarsáide d’ardchaighdeán idir Thuismitheoirí agus Cúramóirí Leanaí chun

aon deacrachtaí a thagann aníos a chíoradh. Ba chóir an t-am seo a chur ar leataobh lasmuigh d'am fágála nó am bhailiú na bpáistí mar go mbíonn aird á lorg ag formhór na bpáistí agus iad á mbailiú.

9. Treoir Ginearálta do Chúramóirí Leanaí

Agus iad ag glacadh freagracht aonair as páistí faoina gcúram caithfidh Cúramóirí Leanaí a dheimhniú go bhfuil aird leanúnach á thabhairt ar a sábháilteacht agus ar a bhfolláine. Ní chóir don Chúramóir Leanaí aon rud a dhéanamh riamh nó gan rud a dhéanamh a chuirfeadh páistí i mbaol timpiste nó tinnis nó a chuirfeadh isteach ar a gcompord nó ar a sábháilteacht. Caithfear é seo a chothramú lena riachtanais fiontraíocht a dhéanamh. Ní chóir don Chúramóir Leanaí an leanbh/na leanaí a fhágáil faoi chúram aon duine eile ach sa chás go bhfuil socrú roimhré aontaithe leis na tuismitheoirí nó i gcás éigeandála.

Éilíonn Cúram Baile lae go nglacfaidh leanbh/leanaí le baile an chúramóra mar shíneadh ar a mbaile féin leis an saoirse, na pribhléidí, an compord agus sábhailteacht intuigthe san fhocal 'baile'. Is fiú aird a thabhairt air seo mar ó thaobh dhearcadh an pháiste de, tá sé aisteach fios a bheith acu nach bhfuil teacht ar a mbaile féin i rith an lae (fiú agus é gar dóibh). Ba chóir nithe pearsanta mar éadaí, leabhair, bréagáin a fhágáil go buan ag teach an Chúramóra.

Bíonn comhoibriú agus rannphairtíocht a dteaghlach féin riachtanach ón Chúramóir Leanaí agus iad ag roinnt a mbaile le páistí faoi chúram. Is cuma cén aois atá a páistí féin, caithfear an riachtanas atá acu le h-am teaghlaigh a shásamh.

10. Dáileadh Leigheas

Foláireamh

Ní féidir leigheas ar bith le haghaidh úsáid inmheánach nó seachtrach pé acu leighis le h-oideas nó gan oideas, ón siopa leighis luibhe, breis vitaiminí,

leigheas chun fiacla a shuaimhniú, ungthaí**,** uachtair, análaitheoirí, a thabhairt do pháiste faoi chúram ach amháin go bhfuil oideas scríofa ó dhochtúir leighis le treoracha soiléire maidir le méid, minicíocht, úsáid nó feidhm, curtha ar fáil agus coimeádtha ag an gCúramóir Leanaí mar thagairt.

Déan tagairt dod' pholasaí árachais maidir le sonraí ar chlúdach nuair atá leigheas á dháileadh agat.

11. Córais Tacaíochta agus Eagraíochtaí do Leanaí agus Teaghlaigh

Ba chóir go mbeadh a fhios ag Cúramóirí Leanaí go bhfuil go leor eagraíochtaí ann chun cabhrú le páistí, tuismitheoirí agus teaghlaigh ag amannta éigeandála nó le fadhbanna fadtéarmacha.

Tá ábhar treorach úsáideach foilsithe ag go leor eagraíochtaí deonacha agus grúpaí tacaíochta. Is féidir eolas a fháil ó:

Ionad Acmhainne Náisiúnta Leanaí Barnardos
(Barnardos National Children's Resource Centre)
Cearnóg Christchurch
BÁC 8
Teil. : 01-453 0355

12. Bás Cliabháin

Tá na nótaí seo a leanas ó SIDS (Sudden Infant Death Syndrome) agus ba chóir iad a choimeád suas chun dáta agus iad a chur san áireamh le treoir maidir le bás cliabháin a sheachaint.

Tarlaíonn líon áirithe bás tobann naíonán gach bliain in Éirinn nuair atá páistí faoi chúram Cúramóirí Leanaí gairmiúla nó deonacha.

Tá dualgais tábhachtacha áirithe gur gá do Chúramóirí Leanaí a chomhlíonadh nuair a fhaigheann páiste faoina gcúram bás tobann gan choinne. Ba chóir do gach cúramóir a bheith oilte faoi conas páiste a athbheochan má stopann sé/sí ag análú – is fear Sgur daoine oilte a dhéanfadh é seo.

1. Má cheapann tú gur stop páiste faoi do chúram ag análú nó go bhfuair sé bás ba chóir do dhuine oilte tosú ag iarraidh é/í a athbheochan láithreach. Ba chóir glaoch a chur ar uimhir 999 nó 112 nó ar an dochtúir agus cabhair a lorg láithreach.
   Bíodh a fhios agat go mb'fhéidir go dtiocfaidh na Gardaí chomh maith. Faoi Acht na gCroinéirí, 1962, tá dualgas ar na Gardaí fógra a thabhairt don Chróinéir agus mar ghníomhaire an Chróinéara tá dualgas orthu fiosrúcháin a dhéanamh faoi chúinsí aon bháis tobann, áit nach bhfaca an dochtúir an duine a fuair bás nó nár chuir sé cóir leighis air laistigh de mhí roimh dháta an bháis, nó in aon chás d'aon bhás nach léiríonn cúis an bháis.
2. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le teaghlach an naonáin láithreach. Abair leo go bhfuil a leanbh an-tinn agus go bhfuil tú tar éis glaoch a chur ar otharcharr/dochtúir. Má tá an t-otharcharr/an dochtúir ag iarraidh an leanbh a thógaint go dtí an t-ospidéal láithreach agus é seo sula dtagann na tuismitheoirí, ba chóir (más féidir) do dhuine fásta dul leis an naonán ar an turas go dtí an t-ospidéal.
3. Nuair atá teagmháil á dhéanamh leis na tuismitheoirí agus má tá a leanbh tógtha go dtí an t-ospidéal cheana féin, abair leo cén t-ospidéal agus abair leis an ospidéal go mbeidh na tuismitheoirí ag teacht. Abair leis na tuismitheoirí cad atá tar éis tarlú agus freagair aon cheisteanna a bheadh acu. Mol do na tuismitheoirí gur chóir gaol nó cara dul leo ar an turas go dtí an t-ospidéal nó go dtí do bhailese.
4. Mínigh go deas séimh d'aon pháiste eile faoi do chúram nach bhfuil an naíonán ar fónamh agus go mbeidh otharcharr nó dochtúir ag teacht chun aire a thabhairt dó/di. Ba chóir do dhuine fásta fanacht leis na páistí eile

agus a gclár laeúil a leanúint. Más féidir, cur áit eile ar fáil do na páistí chun spraoi ann. Freagair ceisteanna na bpáistí go macánta agus go simplí agus cur ar a suaimhneas iad trí cur in iúl dóibh go mbeidh duine fásta ag fanacht leo go dtí go dtagann a dtuismitheoir faoina ndéin.

5. Nuair a thagann na tuismitheoirí, tóg láithreach iad go dtí an áit ina bhfuil/raibh an leanbh. Lig dóibh am príobháideach a bheith acu leis an bpáiste agus é/í a thógaint ina mbaclainn.
   Mínigh do na tuismitheoirí, toisc go bhfuair a bpáiste bás tobann agus gan choinne go mb'fhéidir go dtiocfaidh na Gardaí ar cuairt chucu agus mar Chúramóir go gcuirfí ceisteanna ortsa freisin. De ghnáth, bíonn tuismitheoirí ag lorg sonraí faoi na h-imeachtaí a bhain le bás an pháiste, Cuir in iúl dóibh go bhfuil tú sásta na sonraí go léir a thabhairt dóibh agus aon cheisteanna a bheadh acu a fhreagairt. Bíodh a fhios agat go mb'fhéidir gur mhaith le tuismitheoirí teacht ar cuairt chugat arís agus arís eile chun dul siar ar na himeachtaí. B'fhéidir go mbeidh ort déileáil le racht feirge ó na tuismitheoirí agus sa chás sin b'fhéidir go mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth ort féin ag an am anróiteach seo.

6. Ba chóir a dheimhniú nach gcaitear amach éadaí nó giuirléidí pearsanta an pháiste. Cuir in iúl don teaghlach go bhfuil siad ar fáil ag am ar bith. Ná déan aon socrú faoi iad a bheith nite gan chead na dtuismitheoirí.

7. Coimeád an áit ina raibh an leanbh ina chodladh (cliabhán, tocht, cruib shúgartha srl.) slán mar b'fhéidir go mbeidh sé seo ag teastáil ó na Gardaí. Coimeád an leaba agus áit chodlata (cliabhán, tocht, cruib shúgartha srl.) ina raibh an leanbh ina chodladh, b'fhéidir go mbeidh sé ag teastáil ó thaighdeorí níos déanaí.

8. Nuair a thagann na tuismitheoirí faoi dhéin a bpáiste, mínigh go príobháideach dóibh cad a tharla. Pléigh an chaoi a ndeachaigh bás an

naíonáin i bhfeidhm ar a bpáiste leo agus athdhearbhaigh dóibh go gcuirfidh tú in iúl dóibh faoi aon cheisteanna a d'fhéadfadh na páistí a ardú sa todhchaí.

9. Déan teagmháil le Oifig Náisiúnta SIDA agus iarr orthu cóipeanna den leabhrán eolais ar bhás SIDS 'A Precious Past, A Hopeful Future' a chur chugat. Tabhair cóip den leabhrán seo do thuismitheoirí uilig na bpáistí faoi do chúram.

10. Athdhearbhaigh do na páistí nach bhfuil éinne ciontach as bás an pháiste.

11. Beidh míniú ag teastáil ó na páistí eile faoi do chúram, faoi bhás an naíonáin agus na rudaí a tharla. Ba chóir an bealach chun é seo a dhéanamh a phlé leis na tuismitheoirí ar dtús. Tá sé an – tabhachtach míniú a thabhairt gur féidir tógáil air níos déanaí agus gan freagraí a thabhairt go gcaithfear dul siar orthu (Féach leabrán ISIDA 'A Precious Past, A Hopeful Future', mír 'Children and Grief'). Bí eolach go bhfuil frithghnímh agus braiscintí pháistí faoin mbás ag brath ar a n-aois, a dtaithí, a bpearsantacht agus ar chuinsí an teaghlaigh. Má tá iompar an pháiste ina ábhar imní, labhair leis na tuismitheoirí.

12. <u>Táscairí Ardchaighdeáin i gCúram Leanaí Baile</u>

- Tá caighdeán san ionad Cúram Baile Leanaí ag brath go mór ar thréithe pearsanta an Chúramóra a oibríonn de ghnáth mar chúramóir aonair féinfhostaithe. I measc na dtréithe sin, bheadh meas ar pháistí, cion, dílseacht, ionracas agus féinmheas láidir.
- Cúramóir Leanaí oilte chun tábhacht na míonna agus na blianta tosaigh a thuiscint chomh maith le tuiscint ar fhorbairt fhisiciúil agus chognaíoch agus ar na gníomhaíochtaí a thacaíonn leo sin.

- Cúramóir Leanaí ag freastal ar riachtanais pháistí chun spraoi, caitheamh aimsire, am sosa, dul sa tseans agus deiseanna sóisialta.
- Cumarsáid sásúil idir cúramóir agus tuismitheoirí pháistí faoi chúram.
- Ómós ag tuismitheoirí agus ag Chúramóir Leanaí dá chéile.
- Plean Chúraim indibhidiúil iomlán a bheith ann do gach páiste.
- Líonraíocht le Cúramóirí eile
- Ballraíocht le heagraíocht ghairmiúil thacúil
- Uasmhéid páistí faoi sé bliana = 6 (páistí an Chúramóra san áireamh)
- Réimse aoise páistí, páistí an Chúramóra Leanaí san áireamh, chun comhthuiscint seachas iomaíocht a chothú agus chun éascaíocht a dhéanamh ar thurasanna speisialta rialta agus ar ghnáththurasanna áitiúla go dtí na siopaí agus ar shiúlóidí.
- Gan níos mó ná naíonán amháin (faoi 12 mí).
- Ba chóir go mbeadh rialacháin maidir le coimheas duine fásta agus páiste sách solúbtha chun freastal ar chúram do cúpla nó triúirín, chun scarúint pháistí den teaghlach céanna óna chéile a sheachaint; agus ionas nach gcaillfear áit chúram atá ann cheana de bharr páiste nua a bheith ag an gCúramóir nó deirfiúr nó deartháir nua a bheith ag páiste faoi chúram
- Go leor spáis spraoi laistigh agus fáil ar gach gnáthlimistéir den teach baile.
- Áit spraoi slán lasmuigh agus gairdín gur féidir ábhar a fhás ann.
- Rannpháirtíocht pháistí i bhfíor-ghníomhaíocht an tí gur féidir teacht i dtír orthu go cruthaíoch mar dheiseanna foghlama i.e. tuiscint ar mheall, toirt, spás, sórtáil, mea agus comhaireamh.
- Réimse bréagán, leabhar agus ábhair tionscadail atá cothaithe go maith agus athnuachan déanta orthu.

- Seomra páistí le haghaidh tionscadal, stóráil ábhar, péinteáil, caithimh aimsire, uirlisí ceoil agus chun scíth a ligint.
- Cur chuige le pleanáil agus solúbacht san áireamh
- Athbhreithniú rialta, breathnóireacht ar pháistí agus cumarsáid le tuismitheoirí agus páistí san áireamh.